An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta
National Council
for Special Education

# Cairt Chustaiméirí 2023-2025

## Cad atá i gceist leis an doiciméad seo?

Is leagan níos gairide é de Chairt Chustaiméirí na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) don tréimhse 2023-2025. Is ráiteas gearr é a insíonn duit faoin leibhéal seirbhíse is féidir leat a bheith ag súil leis uainn, agus conas teagmháil a dhéanamh linn. Is féidir leat teacht ar an gCairt iomlán agus ar an bPlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí ar www.ncse.ie.

## Ár nGealltanais do Chustaiméirí

Tá sé mar aidhm againn an tseirbhís agus an chomhairle is fearr is féidir a sholáthar do chustaiméirí. Tá sé beartaithe againn é sin a bhaint amach trí:

- Ráiteas achoimre faoi sheirbhís do chustaiméirí a fhoilsiú agus a thaispeáint ag pointí seachadta seirbhíse.
- Féachaint lena chinntiú go n-urramaítear na cearta chun córa comhionainne arna mbunú le dlí le linn dúinn ár gcuid oibre agus seirbhísí a sheachadadh, agus oibriú chun deireadh a chur le bacainní ar rochtain ar na seirbhísí sin.
- Oifigí poiblí glana agus inrochtana a chur ar fáil.
- Féachaint leis na rialacha, foirmeacha, bileoga faisnéise agus gnásanna a dhéanamh éasca le léamh agus le tuiscint. Fáisnéis atá soiléir, tráthúil agus cruinn a chur ar fáil.
- Seirbhísí ar ardchaighdeáin a chur ar fáil go béasach, go híogair agus lena laghad moille is féidir.
- Próiseas atá inrochtana, oscailte agus éasca le húsáid a choinneáil ar bun le haghaidh gearáin agus achomhairc maidir le seirbhísí do chustaiméirí.
- Caidreamh a dhéanamh le custaiméirí chun measúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar athruithe ar sheachadadh na seirbhíse.
- Seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil i mBéarla agus/nó i nGaeilge agus insint don chustaiméir go bhfuil sé de cheart aige/aici rogha a dhéanamh go ndéileálfaí leis/léi trí cheann de na teangacha oifigiúla.
- A chinntiú go n-aithnítear gach ball foirne mar chustaiméir inmheánach agus go dtugtar an tacaíocht chuí dó agus go dtéitear i gcomhairle leis maidir le saincheisteanna seachadadh na seirbhíse.

## Cad le bheith ag súil leis nuair a théann tú i dteagmháil linn

### Ár bhFaisnéis

- Tá sé mar aidhm againn faisnéis a chur ar fáil atá soiléir, cruinn, inrochtana, ábhartha agus cothrom le dáta.
- Cuirfimid an fhaisnéis seo ar fáil trínár bhfoireann, ár bhfoilseacháin agus ár suíomh gréasáin – www.ncse.ie.
- Cinnteoimid go mbeidh ábhar faisnéise tábhachtach don phobal le fáil i bhformáidí inrochtana éagsúla.
- Go háirithe, beidh ár suíomh gréasáin ina fhoinse chuimsitheach d’fhaisnéis ar gach gné dár gcuid oibre.

### Tráthúlacht agus Cúirtéis

- Tá sé mar aidhm againn do ríomhphost a admháil laistigh de dhá lá oibre agus d’fhiosrúchán a fhreagairt chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin.
- Cinnteoimid go dtabharfar sonraí teagmhála iomlána i ngach comhfhreagras i scríbhinn nó ar ríomhphost chugat.
- Mura féidir sin a dhéanamh, scríobhfaimid chugat ag míniú cén fáth agus inseoimid duit cathain a d’fhéadfá a bheith ag súil le freagra iomlán.
- Beidh gach comhfhreagras uainn i dteanga shoiléir agus shimplí.

**Teagmháil a dhéanamh linn ar an teileafón**

Uaireanta oifige: Luan go hAoine, 10am – 4pm.

Nuair a ghlaonn tú ar Líne Tacaíochta CNOS ag 01-603 3346, freagróidh duine oilte den fhoireann tacaíochta do ghlaoch. Déanfaidh siad na nithe a leanas:

- Éisteacht le d'fhiosrúchán agus an fhaisnéis a thabhairt duit go díreach nó tú a chur i dteagmháil leis an mball foirne is oiriúnaí.
- Má bhaineann d'fhiosrúchán le saincheist áitiúil nó shonrach, seans go ndéanfaidh siad socrú go rachaidh Oifigeach Riachtanais Speisialta Oideachais (SENO), nó ball foirne ábhartha eile i dteagmháil leat.
- Má tá gach ball foirne ag cabhrú le custaiméirí eile, is féidir leat glórphost a fhágáil. Tá sé mar aidhm againn glaoch ar ais ort laistigh de dhá lá oibre.
- Mura féidir linn freagra iomlán a thabhairt ar d'fhiosrúchán le linn an ghlao, cuirfimid é sin in iúl duit agus cuirfimid i dteagmháil tú leis an duine ceart nó socróimid go nglaofaidh siad ar ais ort.

Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go bhfaighidh tú tacaíocht atá cruinn, measúil agus tráthúil.

**Teagmháil phearsanta a dhéanamh linn**

- Más gá duit bualadh go pearsanta le duine dár bhfoireann seirbhíse tacaíochta áitiúla, déanfaimid socrú bualadh leat ag coinne in áit áisiúil ag am oiriúnach arna chomhaontú eadrainn.
- Tabharfaimid an méid is mó príobháideachais is féidir duit.
- Beimid cairdiúil, gairmiúil, cabhrach agus béasach leat. Iarraimid ort caitheamh lenár mbaill foirne ar an gcaoi chéanna.

## Cabhraigh linn cabhrú leat

- Luaigh aon uimhir thagartha ábhartha i ngach comhfhreagras linn agus cuir faisnéis nó doiciméid ábhartha ar fáil go tráthúil má iarrann ár bhfoireann é sin ort.
- Lean aon treoirlíne nó gnás a bhaineann leis an tseirbhís atá uait.
- Seiceáil an bhfuil an fhaisnéis atá uait ar ár suíomh gréasáin www.ncse.ie. Mura féidir leat teacht uirthi, glaoigh orainn agus tabharfaimid treoir duit.
- Cuimhnigh go n-oibrímid laistigh de chreat dlí agus rialacháin.
- Caith lenár bhfoireann go béasach, sa chaoi chéanna ar mhaith leat go gcaithfí leat féin.
- Téigh i dteagmháil go díreach le do scoil áitiúil sa chaoi is go mbeidh sí in ann plé le d'fhiosrúchán.

## Moladh, Barúlacha & Gearáin

- Más mian leat aiseolas nó moladh a thabhairt, nó gearán a dhéanamh faoi ghné ar bith dár seirbhís, is féidir leat é sin a dhéanamh lenár mbaill foirne áitiúla agus a gcuid maoirseoirí, ar an ríomhphost chuig Feedback@ncse.ie nó leis an nGnás Aiseolais agus Gearáin Custaiméirí, atá le fáil ar an suíomh gréasáin anseo.
- Déanfaidh ár mbaill foirne iarracht aon ghearáin a réiteach chomh luath agus is féidir.
- Mura féidir do ghearán a réiteach, is féidir leat dul i dteagmháil le hOifig an Ombudsman nó le hOifig an Ombudsman do Leanaí:

Oifig an Ombudsman,
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773

+353 1 639 5600
www.ombudsman.ie

Oifig an Ombudsman do Leanaí,
52-56 Sráid na Trá Mhór,
Baile Átha Cliath 1,

1800 202040
www.oco.ie

## Conas dul i dteagmháil linn

Scríobh chugainn ag

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
1-2 Sráid an Mhuilinn,
Baile Átha Troim,
Co. na Mí,
C15 P2KC.

Uimhir theileafóin: 01-6033200

Suíomh gréasáin: www.ncse.ie. Is ann atá na sonraí teagmhála dár rannóga agus dár mbaill foirne.